# Tobhach Sainchónaithe

Tugadh isteach an Tobhach Sainchónaithe in Alt 150 den Acht Airgeadais 2010 (Cuid 18C ACC 1997) agus tá feidhm aige ó 2010 ar aghaidh. Gearrtar Tobhach ar dhaoine aonair a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn:

- a bhfuil ioncam comhlán domhanda acu níos mó ná €1m,
- a bhfuil luach a maoin Éireannach (gan scaireanna áirithe san áireamh) níos mó ná €5m, agus
- a raibh a ndliteanas i leith cánach ioncaim na hÉireann níos lú ná €200,000 i mbliain ábhartha.

Is é €200,000 méid an Tobhaigh agus tá sé iníoctha gach bliain. Ceadaítear cáin ioncaim Éireannach a d'íoc duine aonair i mbliain chánach mar chreidmheas le linn méid an Tobhaigh Sainchónaithe atá dlite don bhliain sin a ríomh. Tá an Tobhach iníoctha ar nó roimh an 31 Deireadh Fómhair (síneadh go dtí an spriocdháta Íoca agus Tíolactha Cánach Ioncaim le haghaidh ROS). Níl tuairisceáin Tobhaigh Sainchónaithe do 2025 le tíolacadh go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026.

Léirítear i dTábla 1 thíos líon na n-íocaíochtaí Tobhaigh Sainchónaithe a fuarthas do gach bliain Tobhaigh Sainchónaithe ó 2010 go 2024, mar aon leis na híocaíochtaí iomlána agus meáníocaíochtaí faoi seach in aghaidh na bliana. Léiríonn Cairt 1 meán na n-íocaíochtaí Tobhaigh Sainchónaithe ó 2020 go 2024.

### Tábla 1: Íocaíochtaí Tobhaigh Sainchónaithe do na blianta 2010 go 2024.

| Bliain an Tobhaigh Sainchónaithe | Líon na n-íocaíochtaí | Tobhach Sainchónaithe Íoctha | Meáníocaíocht an Tobhaigh Sainchónaithe in aghaidh na bliana |
|---|---|---|---|
| 2010 | 37 | €4,811,038 | €130,028 |
| 2011 | 33 | €4,703,332 | €142,525 |
| 2012 | 26 | €3,445,896 | €132,534 |
| 2013 | 19 | €2,846,204 | €149,800 |
| 2014 | 13 | €2,016,389 | €155,107 |
| 2015 | 21 | €3,023,941 | €143,997 |
| 2016 | 18 | €2,180,428 | €121,135 |
| 2017 | 25 | €3,075,180 | €123,007 |
| 2018 | 12 | €2,212,835 | €184,403 |
| 2019 | 20 | €2,921,272 | €146,064 |
| 2020 | 19 | €2,894,878 | €152,362 |
| 2021 | 19 | €1,898,708 | €99,932 |
| 2022 | 15 | €2,366,288 | €157,753 |
| 2023 | 18 | €2,930,907 | €162,828 |
| 2024 | 13 | €2,077,257 | €159,789 |
| **Iomlán** | **308** | **€43,404,552** | **€140,924** |

### Cairt 1: Meáníocaíochtaí Tobhaigh Sainchónaithe do na blianta 2020 go 2024

